



**AN BORD ATHBHREITHNITHE MEABHAIR-SHLÁINTE
(AN DLÍ COIRIÚIL)**

MENTAL HEALTH (CRIMINAL LAW) REVIEW BOARD

Tuarascáil Bhliantúil 2013

An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)
51 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2
Teileafón: (01) 602 8221
R-phost: info@mhclrb.ie
Suíomh Gréasáin: www.mhclrb.ie

CLÁR ÁBHAR

| | Leathanach |
|---|------------|
| Brollach an Chathaoirligh | 3 |
| Feidhm an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) | 6 |
| Athbhreithnithe de chuid an Bhoird..... | 6 |
| Orduithe um Urscaoileadh | 8 |
| Orduithe um Aistriú ar ais go Príosún..... | 9 |
| An Scéim um Chúnadh Dlí Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) | 9 |
| Imeachtaí Dlí | 10 |
| Cruinnithe/Cuairteanna | 11 |
| Comhairleoirí Dlí a Cheapadh..... | 13 |
| Caiteachas | 13 |
| AGUISÍNÍ | |
| Aguisín A - Líon Éisteachtaí in aghaidh na Míosa in 2013/2012..... | 14 |
| Aguisín B - Líon Othar a ndearnadh Athbhreithniú orthu de réir Diagnóise in 2013/2012 | 15 |
| Aguisín C - Líon Éisteachtaí de réir Cineál Athbhreithnithe in 2013/2012 | 16 |
| Aguisín D - Líon Éisteachtaí in 2013/2012 de réir Ailt den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006, arna leasú | 17 |
| Aguisín E - Meánlíon Cásanna a Sannadh d'Ionadaí Dlí ar an bPainéal Cúnaimh Dhlí in 2013/2012 | 18 |
| Aguisín F - Líon Othar a Urscaoileadh go Coinníollach in 2013/2012 | 19 |

1. **BROLLACH AN CHATHAOIRLIGH**

Tá áthas orm mar chathaoirleach ar an mBord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird do 2013 a chur i láthair. Léiríonn an tuarascáil gníomhaíochtaí an Bhoird le linn na bliana agus is í an seachtú Tuarascáil Bhliantúil de chuid an Bhoird.

Thar ceann mo chomhghleacaithe, Nora McGarry Uas. agus an Dr Michael Mulcahy, ba mhaith liom fearadh na fáilte a chur roimh an Dr Elizabeth Walsh, Síciatraí Fóiréinseach, ar cheap an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an tUas. Alan Shatter T.D., í mar bhall ar an mBord i mí Eanáir 2013. Leanann an Bord ar aghaidh ag suí mar phainéal triúir agus coinneáil othar á hathbhreithniú aige, agus tá síciatraí amháin i láthair ag gach éisteacht athbhreithnithe.

Maidir leis an líon éisteachtaí a reáchtáil an Bord in 2013, tháinig laghdú beag ar an líon sin ó 2012. Le linn 2013, rinne an Bord athbhreithniú ar choinneáil 73 othar, agus 159 éisteacht athbhreithnithe san iomlán á reáchtáil aige. I gcomparáid leis sin, rinne an Bord athbhreithniú ar an gcoinneáil 76 othar in 2012, agus reáchtáil an Bord 164 éisteacht athbhreithnithe. Áiríodh leis na héisteachtaí sin faomhadh cúig iarratas ar urscaoileadh coinníollach, i gcomparáid le faomhadh seacht n-iarratas in 2012.

De bhreis ar athbhreithnithe ar an gcoinneáil othar, reáchtáil an Bord roinnt éisteachtaí chun breithniú a dhéanamh ar iarratais ó othair, tar éis iad a

urscaoileadh go coinníollach, ar mian leo go ndéanfaí ceann amháin nó níos mó ná ceann amháin dá gcoinníollacha a athrú nó a bhaint. Is féidir le hothair a urscaoileadh go deonach, tráth ar bith tar éis a n-urscaoilte, iarratas a dhéanamh chuig an mBord ar cheann amháin nó níos mó ná ceann amháin dá gcoinníollacha a athrú nó a bhaint, agus is féidir le Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéal Mheabhair-Ghalar an rud céanna a dhéanamh. Fuair an Bord dhá iarratas den chineál sin in 2013. Is féidir go bhfuil sé i gceist leis na hiarratais sin roinnt éisteachtaí a thionól d'fhonn comhaontú a éascú, nuair is féidir, idir an t-iarratasóir agus an fhoireann chothabhála sula ndéanann an Bord cinneadh deiridh. Chomh maith leis sin, féadfaidh othair a urscaoileadh go coinníollach iarratas a dhéanamh chuig an mBord ar urscaoileadh neamhchoinníollach tráth ar bith tar éis 12 mhí ó dheonú an urscaoilte choinníollaigh.

Le linn 2013, rinne an Bord dul chun cinn le 17^ú agus 18^ú hathbhreithnithe a dhéanamh ar choinneáil roinnt othar. Rinne an Bord ordú freisin chun príosúnach a chur ar ais go príosún, tar éis dó teacht ar an tuairim go bhféadfaí an chóireáil a bhí á fáil ag an bpríosúnach sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar a chur ar fáil i bpríosún.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun aitheantas a thabhairt don obair a dhéanann na foirne ildisciplíneacha sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar chun tuairiscí síciatracha mionsonraithe a ullmhú faoi na hothair uile roimh a n-éisteacht athbhreithnithe. Tá an Bord aireach go bhfuil an obair sin am-íditheach do gach duine lena mbaineann agus is mór aige an obair leanúnach sin thar ceann an

Bhoird. Tá an Bord eolach freisin go mbristear isteach ar ghnáth-ghnáthamh na n-othar agus na mball foirne ag an ospidéal lá na n-éisteachtaí athbhreithnithe. Ina leith sin, cuirim in iúl gur mhór ag an mBord cúnamh agus comhoibriú na síciatraithe comhairleacha agus na foirne altranais, seirbhísí sóisialta agus riaracháin san ospidéal. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas an Bhoird a ghabháil leis an Ollamh Harry Kennedy, Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Mheabhair-Shláinte, as a chúirtéis agus as a chúnamh le linn na bliana.

Molaim obair na mball ar Phainéal Ionadaithe Dlí an Bhoird, a leanann ar aghaidh ag déanamh ionadaíocht d'othair ar bhealach cumasach agus coinsiasach. Tá an Bord eolach go gcuidíonn roinnt mhaith ionadaithe dlí le hothair ar bhealaí a sháraíonn a dtéarmaí tagartha go mór, rud a ndéanann an Bord a bhuíochas as a chur in iúl.

Mar chríoch, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill foirne an Bhoird, an tUas. Greg Heylin, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Catherine Hayes Uas., Rúnaí, agus Ann Casey Uas. as a gcuid cúnaimh i rith na bliana.

An Breitheamh Brian McCracken
Cathaoirleach

Márta 2014

2. FEIDHM AN BHOIRD ATHBHREITHNITHE MEABHAIR-SHLÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL)

Tá an Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil othar in ionaid ainmnithe faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006, arna leasú. Coinnítear othair faoin Acht de bharr cinneadh cúirte nach bhfuil siad oiriúnach chun cur faoi thriail nó tar éis a mheas go bhfuil siad neamhchiontach i gcion de bharr gealtachta. Faoi Acht 2006, arna leasú, tá sé de chumhacht ag an mBord coinneáil leantach na n-othar sin in ionad ainmnithe nó a n-urscaoileadh coinníollach nó neamhchoinníollach a ordú, agus aird á tabhairt ar leas an othair agus ar leas an phobail. Tá an choinneáil príosúnach, lena n-áirítear príosúnaigh mhíleata, a aistríodh chuig ionad ainmnithe agus atá ag fulaingt mí-ord meabhrach, faoi théarmaí tagartha an Bhoird um athbhreithniú. Is féidir leis an mBord a gcoinneáil leantach in ionad ainmnithe nó a bhfillleadh ar phríosún a ordú. Tá an Bord neamhspleách go reachtúil ó thaobh chomhlíonadh a chuid feidhmeanna de. Is é an Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar an t-aon ionad ainmnithe amháin faoi Acht 2006.

3. ATHBHREITHNITHE DE CHUID AN BHOIRD

Aon tráth áirithe, coinnítear thart ar 80 othar sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006, arna leasú. Athraíonn an líon sin ó am go ham toisc go n-aistrítear othair, gan othair atá á gcoinneáil ar feadh tréimhsí níos faide a áireamh, as príosún chuig an ospidéal, ar bhonn deonach nó ainneonach, ar mhaithe le cóireáil agus cúram nach bhfuil ar fáil i bpríosún. Mar sin féin, is féidir nach ndéanfaidh an Bord athbhreithniú ar choinneáil roinnt de na hothair sin mar go bhféadfaidh siad aistriú ar ais go príosún

sula bhfaigheann siad éisteacht athbhreithnithe, a sceidealaítear de ghnáth ceithre mhí nó cúig mhí tar éis othar a ghlacadh san ospidéal. Ní mór don Bhord athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil othar ag tráthanna nach faide ná sé mhí. Lasmuigh de na héisteachtaí a sceidealaítear go rialta, is féidir athbhreithniú a thionscnamh ar ordú an Bhoird nó ar iarratas an othair. Is féidir leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus le Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Mheabhair-Ghalar iarraidh ar an mBord éisteacht athbhreithnithe a dhéanamh freisin i gcásanna áirithe.

Rinne an Bord athbhreithniú ar choinneáil 73 othar in 2013, agus 159 éisteacht athbhreithnithe san iomlán á dtionól aige. Is ionann é sin agus laghdú 3% ar líon na n-athbhreithnithe a rinneadh in 2012, arbh é 164 athbhreithniú san iomlán é. De na 73 othar, diagnóisíodh 74% le scitsifréine, bhí neamhord scitseamhothachtalach ar 15% díobh agus diagnóisíodh 11% díobh le neamhoird eile. Cuirtear é sin i gcomparáid leis na figiúirí do 2012, tráth a rinneadh athbhreithniú ar choinneáil 76 othar. Diagnóisíodh 78% de na hothair le scitsifréine, bhí neamhord scitseamhothachtalach ar 14% díobh agus bhí neamhoird eile ar 8% díobh. Ba cheart a thabhairt faoi deara gurb é an grúpa lárnach céanna othar a ndéanann an Bord athbhreithniú orthu gach bliain. (Tagairt in Aguisín A agus in Aguisín B).

Den chéad uair riamh in 2013, rinne an Bord 17^ú agus 18^ú hathbhreithnithe ar choinneáil roinnt othar. De na 159 éisteacht, bhí 14 ina 17^ú hathbhreithniú agus bhí ceann amháin ina 18^ú hathbhreithniú. Bhí 26% de na héisteachtaí san iomlán idir an 16^ú céim athbhreithnithe agus an 18^ú céim athbhreithnithe. Mar an

gcéanna, bhí 26% de na héisteachtaí idir an 1^ú céim athbhreithnithe agus an 5^ú céim athbhreithnithe, i gcomparáid le 24% in 2012. Díobh sin, bhí 12 athbhreithniú, nó 8%, ina 1^ú athbhreithniú, i gcomparáid le 2012 nuair a rinneadh 11 athbhreithniú den saghas sin, nó 7% den iomlán. (Tagairt in Aguisín C).

Faoi mar a bhí amhlaidh i mblianta roimhe, bhain formhór na n-athbhreithnithe le hothair a cuireadh isteach sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar faoi Alt 5(2) d'Acht 2006, arna leasú, a measadh a bheith neamhchiontach de bharr gealtachta. Le linn 2013, bhain 106 éisteacht, ar 67% de líon iomlán na n-éisteachtaí iad, le coinneáil othar a cuireadh isteach faoi Alt 5(2). In 2012, bhí 105 éisteacht, nó 64% den iomlán, sa chatagóir seo. In 2013, bhain 20% de líon iomlán na n-éisteachtaí, le hathbhreithnithe ar choinneáil othar a cuireadh isteach faoi Alt 15(2) den Acht, ar phríosúnaigh iad a aistríodh go hainneonach chuig an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar chun cúram nó cóireáil a fháil nach bhféadfaí a chur ar fáil sa phríosún. B'ionann an grúpa seo agus 20% d'éisteachtaí in 2012 freisin. (Tagairt in Aguisín D).

4. ORDUITHE UM URSCAOILEADH

D'fhaomh an Bord urscaoileadh coinníollach cúigear othar in 2013, i gcomparáid le seachtar othar in 2012. Ba é breis agus 14 bliana an meánfhad coinneála le haghaidh othair urscaoilte. Bhí an dá fhad ba ghiorra breis agus 3 bliana ar an meán agus bhí an dá fhad ab fhaide breis agus 26 bliain ar an meán. Mar is féidir a fheiceáil ón raon blianta a coinníodh na hothair sin, níl an fad ama atá othar á choinneáil san Ospidéal ina fhoras riachtanach ná leordhóthanach é féin le hurscaoileadh coinníollach a dheonú. (Tagairt in Aguisín F).

Ní dhearna an Bord aon ordú le haghaidh urscaoileadh neamhchoinníollach le linn 2013. D'iarr beirt othar a urscaoileadh go coinníollach éisteacht leis an mBord, d'fhonn iarratas foirmiúil a dhéanamh ar scaoileadh neamhchoinníollach. Agus aird á tabhairt ar an riachtanas ama a shonraítear in Alt 13A(8) den Acht, áfach, ní raibh ceachtar de na hothair i dteideal iarratas a dhéanamh ar urscaoileadh neamhchoinníollach agus dhiúltaigh an Bord a n-iarratas ar éisteacht.

5. ORDUITHE UM AISTRIÚ AR AIS GO PRÍÓSÚN

Rinne an Bord ordú amháin faoi Alt 17 d'Acht 2006 chun príósúnach a aistriú ar ais go príósún, tar éis dó teacht ar an tuairim go bhféadfaí an cúram agus an chóireáil a bhí á bhfáil ag an bpríósúnach sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar a chur ar fáil i bpríósún. Mar aon le cumhacht an Bhoird faoi Alt 17, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil cumhacht ag Stiúrthóir Cliniciúil faoi Alt 18 a ordú go gcuirfear príósúnaigh ar ais chuig príósún, agus feidhmíonn Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Mheabhair-Ghalar an chumhacht seo go minic.

6. AN SCÉIM UM CHÚNAMH DLÍ MEABHAIR-SHLÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL)

Faoi Alt 12 (1)(c) d'Acht 2006, ceanglaítear ar an mBord ionadaí dlí a shannadh d'othair atá faoi réir athbhreithnithe mura bhfuil sé beartaithe acu féin ionadaíocht dlí a fhostú ar a gcostas féin. Cuireadh painéal ionadaithe dlí ar bun faoin Scéim um Chúnadh Dlí Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) 2006. Más mian leo, is féidir le hothair diúltú do sheirbhísí an aturnae a sannadh ón bpainéal agus is féidir leo aturnae eile a iarraidh ón bpainéal nó is féidir leo aturnae nach bhfuil ar an bpainéal a fhostú. Ar mhaithe le leanúnachas d'othair, féachann an Bord leis an

aturnae céanna a shannadh chun ionadaíocht a dhéanamh d'othair ag éisteachtaí athbhreithnithe ina dhiaidh sin.

Sa bhliain 2013, bhí 26 aturnae ar an bPainéal Ionadaithe Dlí. D'éirigh ball amháin as an bpainéal le linn na bliana de bharr ceangaltais oibre agus baineadh ball eile as an bpainéal tar éis dó cur in iúl don Bhord gur foirceannadh a chleachtadh. Sa bhliain 2013, sannadh meánlín de 6 chás an duine d'aturnaetha ar an bpainéal. Sannadh meánlín de 11 chás an duine don ardcheathairíl aturnaetha a bhí ar an bpainéal sa bhliain 2013. Ba é 12 chás an líon cásanna sin sa bhliain 2012. Sannadh meánlín de 6 chás don dara agus don tríú ceathairíl in 2013, an líon céanna is a sannadh in 2012*. Sannadh meánlín de chás amháin an duine don bhuncheathairíl sa bhliain 2013 i gcomparáid le dhá cheann in 2012. (Tagairt in Aguisín E).

7. IMEACHTAI DLI

Mar a tuairiscíodh sa bhliain 2012, bhí Imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh ar siúl ag deireadh na bliana sa chás seo a leanas: ***ET (duine mímhheabhrach) v An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil), Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an tArd-Aighne (Páirtithe Fógartha)***. Tarraingíodh siar na himeachtaí sin san Ard-Chúirt i mí Iúil 2013 ar iarratas an Ghearánaí, tar éis don Bhord urscaoileadh coinníollach an Ghearánaí go cóiríocht oiriúnach a bhí eagraithe ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a ordú i mí an Mheithimh.

*Ríomhadh an meánlín cásanna a sannadh don dara agus don tríú ceathairíl le chéile go hearráideach i dTuarascálacha Bliantúla roimhe sin. Ba cheart an figiúr sin a bheith cothrom le 6 in 2012, 6 in 2010, 5 in 2009, 4 in 2008 agus 3 in 2007.

Níor tionscnaíodh aon imeachtaí eile in aghaidh an Bhoird sa bhliain 2013, agus ní raibh aon imeachtaí fós amuigh ag deireadh na bliana 2013.

8. CRUINNITHE/CUAIRTEANNA

I mí Iúil, d'fhreastail an Cathaoirleach agus an Dr Mulcahy ar Chomhdháil Dhámh Síciatrachta Fóiréinsí Choláiste Ríoga Síciatraithe na hAstráile agus na Nua-Shéalainne don bhliain 2013 in Darwin, an Astráil. Ba é “An tSíciatracht Fhóireinseach – Réimsí Nua a Iniúchadh” téama na comhdhála agus bhí sí dírithe ar shíciatraithe, ar chleachtóirí meabhairshláinte fóiréinsí agus ar bhaill na gairme dlí. Bhí spéis ar leith ag na comhaltaí Boird sa dóigh a rabhthas ag caitheamh le hOrduithe um Chóireáil Éigeantach sa Phobal san Astráil. Ní dhéantar aon fhoráil i reachtaíocht mheabhairshláinte na hÉireann d'orduithe den sórt sin. Mar sin féin, gabhann gnéithe den chineál céanna leis na hOrduithe um Urscaoileadh Deonach arna ndéanamh ag an mBord faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006, arna leasú. Thug an Cathaoirleach agus an Dr Mulcahy comhchur i láthair don chomhdháil ar fheidhm, ar chumhachtaí agus ar obair an Bhoird Athbhreithnithe ó cuireadh ar bun é sa bhliain 2006. D'íoc an Cathaoirleach agus an Dr Mulcahy as a gcostais taistil féin agus d'íoc an Bord as an táille cláraithe don chomhdháil.

I mí Dheireadh Fómhair, d'fhreastail an tUas. Heylin agus Ms. Hayes ar sheimineár tráthnóna i mBaile Átha Cliath a bhí eagraithe ag Cumann Aturnaetha Meabhair-Shláinte na hÉireann – “Nuashonruithe ar an Acht Sláinte Meabhrach, 2001, Forbairtí sa Chás-Dlí agus Reachtaíocht Acmhainne atá le Teach”. Rinneadh plé ag an seimineár ar fhorbairtí le déanaí sa dlí meabhairshláinte, ag féachaint ar iarratais rathúla agus neamhrathúla chuig an gcúirt uachtarach i

réimse na meabhairshláinte, agus rinneadh breithniú ar a bhfuil i ndán don dlí meabhairshláinte in Éirinn.

I mí na Samhna, bhuaill an Bord le hionadaithe do Ghrúpa Cúramóirí an Phríomh-Ospidéal Mheabhair-Ghalar. Tá an Grúpa Cúramóirí ina ghrúpa deonach a chuimsíonn gaolta – tuismitheoirí den chuid is mó – agus cúramóirí othar ag an ospidéal. Ba é aidhm an Ghrúpa plé a dhéanamh ar raon éagsúil saincheisteanna leis an mBord. I measc na saincheisteanna sin, pléadh an ról, más ann dó, ar mheas an Bord go mbeadh aige maidir le gnóthú othar, an méid ama ar dóigh d’othair fanacht san ospidéal agus na difríochtaí idir próiseas an Bhoird Athbhreithnithe agus próiseas na mBinsí Meabhair-Shláinte faoin Acht Sláinte Meabhrach, 2001. Ina leith sin, rinne an Bord iarracht feidhm an Bhoird agus teorainneacha chumhachtaí an Bhoird a shoiléiriú. Bhí spéis ar leith ag an mBord i dtuairimí an Ghrúpa a chloisteáil agus i léargas a fháil ón nGrúpa ar thuairimí othar i leith an Bhoird. Thug an Grúpa le fios go bhfuil tuairim dhearfach ann, ar feadh a eolais, i leith an Bhoird toisc go measann siad go dtugann an Bord dóchas dóibh.

Tháinig an Bord le chéile lena lán ball den Ghrúpa ar bhonn aonair roimhe sin nuair a d’fhreastail siad ar éisteachtaí athbhreithnithe bhaill a dteaghlaigh. Ina leith sin, téann baill teaghlaigh othar i bhfeidhm go mór ar an mBord, agus iad ag freastal go dílis ar éisteachtaí athbhreithnithe chun tacaíocht a thabhairt d’othair i gcúinsí a bhíonn an-deacair agus an-tragóideach do theaghlaigh de ghnáth.

9. COMHAIRLEOIRÍ DLÍ A CHEAPADH AR AN MBORD

Agus nósanna imeachta maidir le soláthar seirbhíse poiblí á leanúint aige, d'eisigh an Bord iarratas ar thairiscintí le haghaidh soláthar seirbhísí dlí i mí Aibreáin 2013. Ceapadh McDowell Purcell Solicitors ina dhiaidh sin mar chomhairleoirí nua dlí don Bhord.

10. CAITEACHAS

B'ionann caiteachas iomlán an Bhoird sa bhliain 2013 agus €382,964. Caitheadh €97,975 ar phá, €86,422 ar sholáthar cúnaimh dhlí in aisce agus €198,567 ar chostais eile.

Tabhair faoi deara:

An tAcht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006

An tAcht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2010


Nósanna Imeachta an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil), agus

Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime um Chúnamh Dlí Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) 2006

Tá na cáipéisí thuas ar fáil ag suíomh Gréasáin an Bhoird (www.mhclrb.ie)

Líon Éisteachtaí in aghaidh na Míosa in 2013/2012

| Mí | Líon Éisteachtaí 2013 | % den Iomlán 2013 | Líon Éisteachtaí 2012 | % den Iomlán 2012 |
|------------------|-----------------------|-------------------|-----------------------|-------------------|
| Eanáir | 16 | 10% | 13 | 8% |
| Feabhra | 11 | 7% | 12 | 7% |
| Márta | 15 | 9% | 15 | 9% |
| Aibreán | 14 | 9% | 15 | 9% |
| Bealtaine | 11 | 7% | 12 | 7% |
| Meitheamh | 25 | 16% | 15 | 9% |
| Iúil | 6 | 4% | 11 | 7% |
| Lúnasa | 14 | 9% | 16 | 10% |
| Meán Fómhair | 12 | 7% | 14 | 9% |
| Deireadh Fómhair | 9 | 6% | 15 | 9% |
| Samhain | 21 | 13% | 14 | 9% |
| Nollaig | 5 | 3% | 12 | 7% |
| Iomlán | 159 | 100% | 164 | 100% |


Líon Éisteachtaí in aghaidh na Míosa in 2013/2012

Líon Othar a ndearnadh athbhreithniú orthu de réir Diagnóise in 2013/2012

| Diagnóis | Líon othar a ndearnadh athbhreithniú orthu 2013 | % den iomlán 2013 | Líon othar a ndearnadh athbhreithniú orthu 2012 | % den iomlán 2012 |
|----------------------------|---|-------------------|---|-------------------|
| Scitsifréine | 54 | 74% | 59 | 78% |
| Neamhord Scitseamhothálach | 11 | 15% | 11 | 14% |
| Neamhoird Eile | 8 | 11% | 6 | 8% |
| iomlán | 73 | 100% | 76 | 100% |


Áirítear le Neamhoird Eile:

- Neamhord Mothachtálach Dépholach
- Neamhord Pearsantachta Paranóidí
- Míchumas Intleachtúil
- Neamhord Siabhráin
- Neamhord Trom Dúlagair Athfhillteach le Gnéithe Síocóiseacha
- Neamhord Síocóiseach
- Neamhord Dúlagair Athfhillteach
- Dúlagar Síocóiseach
- Dúlagar le Siomptóim Shíocóiseacha
- Neamhord Orgánach Inchinne atá Tánaisteach maidir le hÚsáid Substaintí



Líon Éisteachtaí de réir Cineál Athbhreithnithe in 2013/2012

| An Cineál Athbhreithnithe | Líon Athbhreithnithe 2013 | % den Iomlán 2013 | Líon Athbhreithnithe 2012 | % den Iomlán 2012 |
|----------------------------------|----------------------------------|--------------------------|----------------------------------|--------------------------|
| 1ú hAthbhreithniú | 12 | 8% | 11 | 7% |
| 2ú - 5ú hAthbhreithniú | 29 | 18% | 28 | 17% |
| 6ú - 10ú hAthbhreithniú | 21 | 13% | 28 | 17% |
| 11ú - 15ú hAthbhreithniú | 55 | 35% | 96 | 58% |
| 16ú - 18ú hAthbhreithniú | 42 | 26% | 1 | 1% |
| Iomlán | 159 | 100% | 164 | 100% |



**Líon Éisteachtaí in 2013/2012 de réir Ailt den Acht
um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006, arna leasú**

| Alt d'Acht 2006 | Líon Éisteachtaí 2013 | % den Iomlán 2013 | Líon Éisteachtaí 2012 | % den Iomlán 2012 |
|-----------------|-----------------------|-------------------|-----------------------|-------------------|
| Alt 4(3) | 1 | 1% | 1 | 1% |
| Alt 4(5) | 15 | 9% | 14 | 8% |
| Alt 5(2) | 106 | 67% | 105 | 64% |
| Alt 15(1) | 3 | 2% | 10 | 6% |
| Alt 15(2) | 32 | 20% | 33 | 20% |
| Alt 15(5) | 2 | 1% | 1 | 1% |
| Iomlán | 159 | 100% | 164 | 100% |

Alt 4(3) Neamhinniúil ar Phleadáil, Cúirt Dúiche


Alt 4(5) Neamhinniúil ar Phleadáil, Cúirt eile

Alt 5(2) Neamhchiontach de bharr gealtachta

Alt 15(1) Aistriú deonach ó Phríosún

Alt 15(2) Aistriú neamhdheonach ó Phríosún

Alt 15(5) Leanúint d'aistriú deonach ó Phríosún tar éis cúram nó cóireáil a dhiúltú



Meánlíon Cásanna a Sannadh d'Ionadaithe Dí ar an bPainéal Cúnaimh Dhí in 2013/2012

| Bliain | Líon Ionadaithe Dí ar an bPainéal | Meanlíon cásanna a sannadh | Meanlíon cásanna a sannadh Ardcheathairíl | Meanlíon cásanna a sannadh 2ú & 3ú Ceathairíl | Meanlíon cásanna a sannadh Buncheathairíl |
|--------|-----------------------------------|----------------------------|---|---|---|
| 2013 | 26* | 6 | 11 | 6 | 1 |
| 2012 | 26 | 6 | 12 | 6 | 2 |

* do chuid den bhliain

**Líon Othar a Urscaoileadh
go Coinníollach in 2013/2012**

| Mí an Ordaithe um Urscaoileadh Coinníollach | Líon Othar 2013 | Líon Othar 2012 |
|--|----------------------------|----------------------------|
| Bealtaine | 1 | |
| Meitheamh | 1 | 1 |
| Iúil | 3 | 1 |
| Lúnasa | | 2 |
| Deireadh Fómhair | | 2 |
| Samhain | | 1 |
| Iomlán | 5 | 7 |